RÚN (AE) 2022/1738 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (ÚBE) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0098/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas ([1]), gurbh é EUR 46 715 822 buiséad críochnaitheach an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh ("an tÚdarás") don bhliain airgeadais 2020, arb ionann é agus méadú 3,06 % i gcomparáid le 2019; de bhrí go maoinítear an tÚdarás go príomha le ranníocaíocht ón Aontas (EUR 17 660 140, a léiríonn 37,80 %), agus le ranníocaíochtaí ó údaráis mhaoirseachta náisiúnta na mBallstát agus ó bhreathnóirí (EUR 29 055 682 arb ionann é agus 62,20 %);

B. de bhrí, i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh, gur mian leis an údarás um urscaoileadh béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé dlisteanacht dhaonlathach institiúidí an Aontais a neartú tuilleadh trí thrédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú, agus trí choincheap an bhuiséadaithe ar bhonn feidhmíochta agus an dea-rialachais ar acmhainní daonna a chur chun feidhme;

C. de bhrí go ndearbhaíonn an Chúirt Iniúchóirí ("an Chúirt"), ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020 ("an tuarascáil ón gCúirt"), go bhfuil dearbhú réasúnach faighte aici go bhfuil cuntais an Údaráis beacht agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;

Buiséad agus bainistiú airgeadais

1. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur thug na hiarrachtaí faireacháin buiséid i rith bhliain airgeadais 2020 ráta cur chun feidhme buiséadach de 99,17 %, a léiríonn méadú de 1,88% i gcomparáid le 2019; ag tabhairt dá haire gur ráta forghníomhaithe 90,36 % a bhí ann maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, a léiríonn méadú de 4,48 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin;

2. ag tabhairt dá haire gur thuairisc an tÚdarás go ndearnadh 35 aistriú buiséid in 2020, lenar áiríodh naoi n-aistriú buiséid idir teidil, agus aistriú amháin díobh arbh ionann é agus EUR 259 500 idir Teideal II agus Teideal III, aistriú arbh éigean faomhadh an bhoird bainistíochta a fháil ina leith; ag tabhairt dá haire go bhfuil an tabhairt ar aghaidh de 8,9 % go 2021 ina laghdú ar an tabhairt ar aghaidh de 11,7 % ón mbliain roimhe, agus gur 95 leithreasú faoi chomhair gealltanas atá sa tabhairt ar aghaidh go 2021, i gcomparáid le 149 in 2019;

3. ag tabhairt cinneadh na Cúirte dá haire nár chuir an tÚdarás an ráta úis a shonraítear sa Rialachán Airgeadais i bhfeidhm ar ranníocaíochtaí 2020 arna n-íoc go déanach ag údaráis inniúla náisiúnta roinnt de na Ballstáit agus roinnt tíortha de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE); ag tabhairt dá haire gur ríomh an Chúirt gur ús de EUR 25 103 a fabhraíodh le haghaidh 2020; ag tabhairt dá haire gur chinn an tÚdarás, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, íocaíocht dhéanach an úis a chur i bhfeidhm amhail ó 2021 agus gur chuir sé an méid sin in iúl do na húdaráis inniúla náisiúnta i litreacha a sheol sé chucu faoina rannaíocaíochtaí le haghaidh 2021;

4. á chur in iúl gur geal léi gur éirigh leis an Údarás a áitreabh sa Ríocht Aontaithe a dhúnadh go cinnte ar an 7 Nollaig 2020 i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí dlíthiúla uile, agus mar iarmhairt air go ndearnadh freaschur i gcoinne ioncaim ar an gcion de na forálacha gaolmhara gan úsáid a bhí gníomhach ina chuid leabhar ar an dáta tuairiscithe; á iarraidh arís go ndéanfaí iniúchóireacht ar an aistriú, ar na gnéithe airgeadais agus oibríochtúla araon, chun ceachtanna maidir le feabhsú agus maidir le dea-chleachtais a shainaithint a tharraingt as, ar ceachtanna iad a bhféadfaí leas a bhaint astu ar fud na nGníomhaireachtaí uile in oirchill na Gníomhaireachtaí a dhéanamh níos solúbtha chun freagairt ar dhúsháin amach anseo;

([1]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 167.

Feidhmíocht

5. ag tabhairt dá haire go bhfuil leas á bhaint ag an Údarás i gcónaí as bearta áirithe mar eochairtháscairí feidhmíochta (ETF) chun an breisluach arna sholáthar ag a ghníomhaíochtaí a mheas agus go bhfuil leas á bhaint aige as bearta eile freisin chun feabhas a chur ar bhainistiú a bhuiséid; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil na spriocanna maidir leis na heochairtháscairí feidhmíochta san áireamh ag an Údarás sa tábla do 2020; ag tabhairt dá haire go bhfuil a chreat eochairtháscairí feidhmíochta á uasghrádú ag an Údarás ó 2021 ar aghaidh agus ETF níos sofaisticiúla á gcruthú aige a bhainfidh go sonrach le gach cuspóir straitéiseach agus bliantúil ar leith;

6. á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí ón Údarás mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19, taobh le hiarrachtaí ó na húdaráis inniúla náisiúnta, ón mBanc Ceannais Eorpach agus eagraíochtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta eile maidir le comhiarracht a chomhordú chun an t-ualach oibríochtúil láithreach le haghaidh na mbanc a laghdú agus a iarmhairtí fadtéarmacha a mhaolú; amhail ráitis a eisiúint go minic mar threoir do na geallsealbhóirí, spásas maidir le dátaí tuairiscithe a cheadú agus treoruithe beartais a sholáthar amhail na treoirlínte maidir le risíochtaí neamhthuillmheacha agus staonta a bhainistiú;

7. á chur in iúl gur geal léi gur ullmhaigh an tÚdarás treoirlínte maidir le moratóirí reachtacha agus neamhreachtacha maidir le haisíocaíochtaí iasachtaí a sholáthair treoir do na bainc maidir le tacaíocht a thabhairt do dhúshláin leachtachta leanúnacha a bhí roimh ghnólachtaí an Aontais le linn phaindéim COVID-19 agus go ndearna an tÚdarás faireachán orthu, ar threoirlínte iad a shoiléirigh cur i bhfeidhm na gceanglas stuamachta ar mhoratóirí íocaíochtaí agus a cheadaigh do na bainc, faoi choinníollacha áirithe, a bheith in ann sos íocaíochta a dheonú dá gcustaiméirí gan iallach a bheith orthu athaicmiú, agus sa tslí gan risíochtaí a aicmiú mar risíochtaí staonta faoin sainmhíniú de staonadh agus nó mar risíochtaí a mhainnigh mar thoradh ar athstruchtúrú anásta;

8. á thabhairt dá haire go bhfuil socruithe i bhfeidhm ag an Údarás leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) le haghaidh seirbhísí cuntasaíochta; á iarraidh ar an Údarás leanúint dá shineirgí a fhorbairt le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, agus comhar agus malartú dea-chleachtas a mhéadú, d'fhonn éifeachtúlacht a fheabhsú i réimsí na n-acmhainní daonna, an bhainistithe foirgneamh, seirbhísí TF agus na slándála);

9. ag leagan béim ar an ról tábhachtach atá ag an Údarás maidir le creat rialála agus praiticiúil an Aontais don inbhuanaitheacht a fhorbairt chun uaillmhian pholaitiúil agus amchlár práinneach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a chomhlíonadh; á thabhairt dá haire maidir leis an leasú a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2019/2175 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena dtugtar sainordú don Údarás samhlacha gnó inbhuanaithe agus comhtháthú tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG) a chur san áireamh i réimse ghníomhaíochtaí na n-institiúidí creidmheasa, ilchuideachtaí airgeadais, gnólachtaí infheistíochta, institiúidí íocaíochta agus institiúidí r-airgid, a mhéid is gá chun a áirithiú go gcuirfear a shainordú i bhfeidhm go héifeachtach agus go comhsheasmhach ón 1 Eanáir 2020; á thabhairt dá haire ina leith sin gur thug an Coimisiún sainordú don Údarás a mheas cibé an mbeadh bonn cirt le láimhseáil stuamachta risíochtaí a bhaineann le sócmhainní agus gníomhaíochtaí lena ngabhann cuspóirí comhshaoil nó sóisialta nó an dá chuspóir, treoirlínte a eisiúint do bhainistiú rioscaí ESG ag bainc, agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir tacú le hiasachtaí miondíola glasa agus le morgáistí glasa; á iarraidh ar an Údarás dul ar aghaidh go pras leis na gnéithe thuasluaite go léir, laistigh dá shainordú agus laistigh de na spriocdhátaí a leagtar síos;

Beartas foirne

10. ag tabhairt dá haire go raibh an plean bunaíochta curtha chun feidhme 97,42 % ar an 31 Nollaig 2020, go raibh ceapacháin déanta i gcás 155 ghníomhaire sealadach as 151 phost mar ghníomhaire sealadach arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 145 phost údaraithe in 2019); ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go raibh 47 ngníomhaire ar conradh (49 arna n-údarú) agus 17 saineolaí náisiúnta ar iasacht (17 arna n-údarú) fostaithe ag an Údarás in 2020; ag tabhairt dá haire go raibh an iomlaoid foirne i measc gníomhairí sealadacha, gníomhairí ar conradh agus saineolaithe náisiúnta ar iasacht cobhsaí, ag 9,0 %;

11. á chur in iúl gur díol sásaimh di go bhfuil baill foirne ó 28 náisiúntacht á bhfostú ag an Údarás, ar mná atá in 48,8 % díobh agus fir in 51,2 % díobh; á chur in iúl gur oth léi gur fir iad 83 % den ardbhainistíocht agus nach mná ach 17 % den ardbhainistíocht, díreach mar a bhí anuraidh; á chur i bhfáth gur saincheistleanúnach é sin agus á iarraidh ar an Údarás leanúint dá iarrachtaí chun cothromaíocht inscne a bhaint amach ar gach leibhéal den ordlathas amach anseo; á chur in iúl gur díol sásaimh di ina leith sin an ceanglas gur riachtanach ionadaíocht a dhéanamh ar an dá inscne ar phainéil roghnúcháin, spreagadh gníomhach iarrthóirí ban do gach post bainistíochta, seisiúin oiliúna ar leith do bhaill foirne ban ar mian leo ullmhú do ghairmréim bainistíochta, agus socruithe oibre níos solúbtha; á mheabhrú don Údarás go bhfuil tábhacht ag roinnt le hinniúlachtaí, eolas agus taithí, agus freisin leis an gcothromaíocht gheografach agus inscne i measc baill foirne, agus iarrthóirí á roghnú;

12. á chur in iúl gur geal léi cinneadh an Údaráis síneadh a chur leis an spriocdháta faoina bhféadfadh baill foirne costais agus liúntais a bhain lena n-aistriú ón Ríocht Aontaithe go dtí an Fhrainc a éileamh ar ais, ar spriocdháta bliain amháin tar éis don Údarás scor dá oibríochtaí i Londain a socraíodh i dtús báire, mar thoradh ar na bearta a glacadh i gcuid mhaith Ballstát mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, a raibh tionchar suntasach acu ar shoghluaisteacht saoránach;

13. á thabhairt dá haire an tuairim ó thuarascáil 2019 na Cúirte nár choigeartaigh an tÚdarás ranníocaíochtaí pinsin bunaithe ar mheastacháin riamh le figiúirí iarbhír, ná nach raibh sé beartaithe aige é sin a dhéanamh, agus nár coigeartaíodh ranníocaíochtaí na n-údarás iomaíochta náisiúnta riamh chun go mbeidís ag teacht leis na figiúirí iarbhír; á thabhairt dá haire go bhfuil pleananna déanta ag an Údarás aghaidh a thabhairt ar an ábhar sin; á thabhairt dá haire barúil na Cúirte don bhliain airgeadais 2020 go bhfuil dul chun cinn leanúnach á dhéanamh maidir leis an ábhar sin; á iarraidh ar an Údarás dul ar aghaidh leis an ábhar sin go tapa;

14. ag spreagadh an Údaráis chun dul i mbun forbairt ar chreat beartais fadtéarmach Acmhainní Daonna lena dtugtar aghaidh ar chothromaíocht oibre is saoil, treoir agus forbairt gairme ar feadh an tsaoil, cothromaíocht inscne, teilea-obair, cothromaíocht gheografach, agus earcú agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumais;

Soláthar

15. ag tabhairt dá haire gur chuir an tÚdarás sé nós imeachta soláthair i gcrích in 2020, ar thairiscintí dhá cheann díobh, le trí Ghníomhaireacht rannpháirteacha eile (ESMA, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde agus an Bord Réitigh Aonair) in éineacht leis an Údarás, agus gur chuir an tÚdarás conradh amháin ar ceal tar éis é a bhronnadh de bharr phaindéim COVID-19; ag tabhairt dá haire thairis sin go raibh an tÚdarás rannpháirteach in 33 nós imeachta soláthair idirghníomhaireachta faoi cheannas an Choimisiúin agus gníomhaireachtaí eile;

16. ag tabhairt dá haire, agus is díol imní di, na barúlacha ón gCúirt go raibh nósanna imeachta soláthair áirithe de chuid an Údaráis a sháraigh an Rialachán Airgeadais, go háirithe na nósanna imeachta sin a bhain le comhaontú baincéireachta gearrthéarma a shíniú le banc; ag tabhairt dá haire sa chás sin go ndearna an tÚdarás fomheastachán suntasach ar luach an chonartha, a raibh mar thoradh air gur bhain an tÚdarás leas as an nós imeachta soláthair mícheart; ag tabhairt dá haire thairis sin gur thionscain an tÚdarás an nós imeachta chun conradh nua a shíniú le haghaidh seirbhísí baincéireachta seachtain amháin roimh éag an chonartha roimhe, agus gur lainseáil sé nós imeachta idirbheartaithe ar bhonn eisceachtúil, gan é a fhoilsiú roimh ré, le haon chonraitheoir féideartha amháin, gan údar cuí leis a sholáthar; á chur in iúl gur saoth léi an bharúil ón gCúirt nár sásaíodh ionchais an Údaráis leis an tairiscint ón gconraitheoir féideartha, agus ar an ábhar sin gur iarradh tairiscintí ó thairgeoirí eile, gan aon chritéir a leagan amach maidir leis an tairiscint ab fhearr a roghnú, agus gan aon mheastóireacht cheart a dhéanamh ar na tairiscintí a fuarthas, ach ina ionad sin gur glacadh leis an tairiscint bhunaidh; ag tabhairt dá haire gur cuimsíodh sa chonradh sínithe ráta úis diúltach a bheith á mhuirearú ar chistí an Údaráis a bhí i dtaisce agus gur mhéid EUR 38 430 a íocadh ó Eanair go Lúnasa 2020 seachas an méid measta EUR 11 808; ag tabhairt dá haire gur tháinig an Chúirt, ina meastóireacht dhlíthiúil, ar an gconclúid, faoi phointe 14 d'Iarscríbhinn I den Rialachán Airgeadais, bunaithe ar an méid iarbhír úis dhiúltaigh arna íoc, gurbh é an nós imeachta soláthair do chonarthaí ar luach íseal an nós imeachta tairisceana a bhí le cur i bhfeidhm agus trí thairiscint ar a laghad á lorg ón tús, agus gur tháinig an Chúirt ar an gconclúid ina dhiaidh sin go meastar go raibh an nós imeachta soláthair agus na híocaíochtaí a bhain leis neamhrialta;

17. ag tabhairt dá haire maidir le nós imeachta soláthair eile le haghaidh seirbhísí dlí, dar luach EUR 31 000, gurbh é barúil na Cúirte gur sholáthair an tÚdarás faisnéis neamhimleor mar bhonn cirt leis na cúiseanna le leas a bhaint as nós imeachta idirbheartaithe gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré agus nár leor an chonair iniúchóireachta sa doiciméadú; ag tabhairt dá haire nár thug an tÚdarás réasúnú iomchuí leis an nós imeachta eisceachtúil sin a úsáid, roimh ré nó san fhógra dámhachtana féin, rud a cheanglaítear faoi phointe 30.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Airgeadais;

18. á chur in iúl gur ábhar imní di líon na neamhrialtachtaí, na nósanna imeachta tairisceana moillithe agus neamhleora agus an easpa díchill atá léirithe ag an Údarás maidir leis na rialacha soláthair, rud ba chúis le costais níos airde a bhí le híoc ag an Údarás; á iarraidh ar an Údarás feabhas a chur ar na heasnaimh a sainaithníodh agus tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh faoi aon ghníomhaíochtaí ceartaitheacha a rinneadh;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht

19. á chur in iúl gur oth léi go raibh ar an Ombudsman fiosrúchán a chur ar bun in 2020 faoi chás imrothlach a raibh oifigeach sinsearach de chuid an Údaráis páirteach ann, agus gur cruthaíodh san fhiosrúchán sin go raibh drochriarachán ann; á thabhairt dá haire, tar éis an fiosrúchán sin a thabhairt chun críche, go bhfuil moltaí uile an Ombudsman curtha chun feidhme ag an Údarás; á iarraidh ar an Údarás creat eitice láidir a ghlacadh chun coinbhleachtaí leasa, doirse imrothlacha nó ciapadh a chosc;

20. á aithint go bhfuil beartas coinbhleachta leasa ag an Údarás don fhoireann, agus beartas sonrach do chomhaltaí an bhoird maoirseoirí agus an bhoird bainistíochta; ag tabhairt dá haire go gceanglaíonn an dá bheartas dearbhú bliantúil a thabhairt maidir le haon leas a chruthódh coinbhleacht i ndáil leis na gníomhaíochtaí a thitfeadh faoi raon gníomhaíochta an Údaráis agus a seoladh le 2 bhliain anuas (maidir leis na Boird) nó le 5 bliana anuas (maidir leis an bhfoireann uile); á chur in iúl gur geal léi go bhforchuirtear oibleagáid dearbhú a thabhairt, leis an dá bheartas, maidir le ceisteanna coinbhleachta leasa nach gcumhdófaí faoi na dearbhuithe bliantúla, toisc go bhféadfadh coinbhleachtaí leasa nach dtugtar aghaidh orthu forfheidhmiú ardchaighdeán eiticiúil ar fud riarachán an Aontais a chur i mbaol; á iarraidh ar an Údarás gach cruinniú dá fhoirne le heagraíochtaí brústocaireachta a fhoilsiú gach coicís;

Rialú inmheánach

21. ag tabhairt dá haire go ndearna an tÚdarás measúnú ar an gcreat rialaithe inmheánaigh, cé nach dtuairiscítear a chonclúidí de réir prionsabail agus de réir comhchoda ina tuarascáil bhliantúil; ag tabhairt dá haire gur léirigh an measúnú go raibh tacar eochairtháscairí feidhmíochta le haghaidh rialú inmheánach ar iarraidh laistigh den Údarás agus go bhfuil doiciméad cuir chuige i leith rialú inmheánach á fhorbairt a chumhdóidh na blianta 2021 go 2024; á iarraidh ar an Údarás measúnú iomchuí a dhéanamh ar chur chun feidhme an chreata rialaithe inmheánaigh agus tuairisciú ina leith, agus tuairisciú don údarás um urscaoileadh maidir le staid an rialaithe inmheánaigh de réir gach comhchuid ar leith le haghaidh 2021 mar íosmhéid;

22. ag tabhairt dá haire an cinneadh ón gCúirt nach ndearna an tÚdarás uasdátú foirmiúil ar a phlean leanúnachais gnó ó 2017 i leith, go raibh dréachtphlean uasdátaithe réidh i Meitheamh 2019 tráth a d'aistrigh ceanncheathrú an Údaráis ó Londain go Páras; ag tabhairt dá haire áfach maidir leis an dréachtphlean sin, cé gur baineadh leas as le haghaidh fhreagairt an Údaráis ar phaindéim COVID-19, nach ndearna ardbhainistíocht an Údaráis é a fhormheas go foirmiúil ná é a uasdátú chun dul i ngleic leis an aistriú go dtí an cheanncheathrú nua nó le heispéireas phaindéim COVID-19 le deireanas; ag tabhairt dá haire an chonclúid ón gCúirt gurb ionann an mhoill sin agus laige inmheánach i nósanna imeachta an Údaráis;

23. ag tathant ar an Údarás tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a bhfuil sé mar aidhm leo na heasnaimh agus na laigí atá sainaitheanta i gcórais rialaithe inmheánaigh an Údaráis a réiteach; á iarraidh ar an Údarás an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn a dhéanfar;

24. ag tabhairt dá haire go bhfuil straitéis frithchalaoise suas chun dáta i bhfeidhm ag an Údarás, ar straitéis í a glacadh in Eanáir 2019; ag tabhairt dá haire áfach gur chuir an tÚdarás moill ar a mheasúnú riosca calaoise, in 2019 de bharr an aistrithe ó Londain, agus arís in 2020 de bharr phaindéim COVID-19, agus gur sceidealaíodh an measúnú riosca calaoise le haghaidh an chéad ráithe de 2021; á iarraidh ar an Údarás an measúnú a dhéanamh agus leas a bhaint as na torthaí i bplean gníomhaíochta na straitéise frithchalaoise; á iarraidh ar an Údarás torthaí an mheasúnaithe agus mar a cuireadh san áireamh é a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

An fhreagairt ar COVID-19 agus leanúnachas gnó

25. ag tabhairt dá haire gur thug géarchéim COVID-19 atheagrú obann ar shocruithe oibre an Údaráis agus gur díríodh ar dtús ar an leanúnachas gnó a choinneáil sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma; ag tabhairt dá haire gur chuir an tÚdarás plean ullmhachta le haghaidh COVID-19 le chéile a raibh mar aidhm leis a léiriú go raibh faireachán gníomhach á dhéanamh ag an Údarás ar an bpaindéim agus go raibh ar a chumas treoir shoiléir agus bearta a sholáthar a bhí dírithe ar dhea-bhail a fhoirne agus leanúnachas a chuid oibriochtaí a chosaint, tríd an bhFoireann Freagartha i gcás Géarchéime, i measc bearta eile, ar foireann iad a thug tacaíocht do na gníomhaíochtaí bainistithe géarchéime agus do chur chun feidhme an phlean; á chur in iúl gur geal léi an bhéim a leag an tÚdarás ar shábháilteacht na foirne a áirithiú, agus tionchar ghéarchéim COVID-19 ar a chroímhisean agus a chroíghníomhaíochtaí á theorannú; ag tabhairt dá haire go ndearna an tÚdarás measúnú ar na bearta a glacadh, trí iniúchadh arna dhéanamh ag cuideachta iniúchóireachta sheachtrach, agus á iarraidh ar an Údarás na léirstin a fuarthas agus na ceachtanna a foghlaimíodh a chomhroinnt le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais trí Líonra Gníomhaireachtaí AE;

26. ag tabhairt dá haire, de bharr phaindéim COVID-19, go ndearna an tÚdarás a nósanna imeachta earcaíochta a athbhreithniú chun foireann nua a earcú agus a imeascadh ó chian; ag tabhairt dá haire gur eagraigh an tÚdarás líon mór seisiún dea-bhail chun tacaíocht a thabhairt don fhoireann agus do bhainisteoirí le linn na paindéime agus go ndearnadh oiliúint i dteangacha agus oiliúint eile a eagrú ar líne;

Barúlacha eile

27. á chur in iúl gur geal léi na gníomhaíochtaí a rinneadh faoi chuimsiú na Scéime um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS) a bheith á feidhmiú ag an Údarás agus ag moladh don Údarás tionscadal EMAS a thabhairt chun críche agus tuairisciú don údarás um urscaoileadh maidir le clárú an Údaráis le EMAS; á chur in iúl gur geal léi gur fhormheas an tÚdarás raon feidhme na scéime chun táirgí agus gníomhaíochtaí uile an Údaráis a chuimsiú;

28. á iarraidh ar an Údarás a chuid iarrachtaí a neartú go leanúnach chun a lorg ar an gcomhshaol a laghdú, trí dhlús a chur lena iarrachtaí timpeallacht oibre inbhuanaithe agus gan pháipéar a thabhairt isteach, cuimhneamh ar fhoinsí fuinnimh atá níos neodraí ó thaobh carbóin de a úsáid, lena n-áirítear painéil fhótavoltacha, agus a fhoirgneamh oifige a nuachóiriú chun caighdeán na n-astaíochtaí nialasacha a chomhlíonadh;

29. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé don Údarás infheictheacht níos fearr a fhorbairt sna meáin agus ar an Idirlíon d'fhonn feasacht a mhúscailt maidir lena chuid gníomhaíochtaí;

30. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([2]) ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([2]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.